Creat Choimisiún na Meán um Chinntí maidir le

# Neamhchosaint Soláthraithe Seirbhísí Óstála ar Ábhar Sceimhlitheoireachta

## 1. Réamhrá

Ainmníodh Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") mar údarás inniúil faoi Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne ("**TCOR**" nó an "**Rialachán**"), chun críocha Airteagal 12(1)(c).[1] Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Coimisiún inniúil ar mhaoirsiú a dhéanamh ar bhearta sonracha a dhéanann soláthraí seirbhísí óstála ("**HSP**") laistigh de dhlínse na hÉireann a mheastar a bheith neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.[2]

Leis sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún a chinneadh, bunaithe ar thosca oibiachtúla, ar nós go bhfuair HSP dhá ordú baint anuas deiridh nó níos mó sa 12 mhí roimhe sin, cé acu atá nó nach bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta ("**Cinneadh**"). I gcás inarb é Cinneadh an Choimisiúin go bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, ní mór dó fógra a thabhairt do HSP ansin.

Is ábhar é ábhar sceimhlitheoireachta a ghríosaíonn, a mheallann, a bhagraíonn nó a thugann treoir maidir le cionta sceimhlitheoireachta a dhéanamh. Leagtar amach sainmhíniú iomlán air san **Iarscríbhinn**.

## 2. Cuspóir an Chreata seo

Níl an Rialachán forordaitheach maidir leis an gcaoi a dtiocfaidh údaráis inniúla ar Chinneadh. Ceanglaítear ar an gCoimisiún a chuid feidhmeanna faoi TCOR a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha ag an am céanna.[3]

D'ullmhaigh an Coimisiún an creat seo ("**Creat**") chun mioneolas a sholáthar maidir leis an bpróiseas a bheidh le leanúint chun Cinneadh a dhéanamh agus chun príomhoibleagáidí HSP a leagan amach tar éis Cinnidh go bhfuil sé neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta. Le creat um chinntí maidir leis na cúrsaí seo, tacaítear le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach an Choimisiúin i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla.

Féadfar an Creat seo a thabhairt cothrom le dáta nó cur leis ó am go chéile, chun próisis nó breithnithe breise a bhaineann le freagrachtaí TCOR an Choimisiúin a léiriú. Ní ionadaítear aon fhoráil reachtúil leis agus ní comhairle dlí é.

[1] Féach IR 545 de 2023: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2023/si/545/made/en/print?q=terrorist+content.

[2] Tabhair faoi deara gur ainmníodh Coimisinéir an Gharda Síochána mar údarás inniúil faoi Airteagal 12(1)(a) chun orduithe baint anuas a eisiúint de bhun Airteagal 3 TCOR; féach IR 270 de 2023: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2023/si/270/made/en/print?q=terrorist+content.

[3] Airteagal 13(2) arna thrasuí le Rialachán 4, IR 545/2023.

## 3. Céimeanna an Chreata um Chinntí

Beidh dhá chéim i gceist le próiseas cinnteoireachta an Choimisiúin:

***Céim 1: Réamhchinneadh agus Rannpháirtíocht leis an Soláthraí***

Nuair a thuigtear don Choimisiún go bhfuil dhá ordú baint anuas nó níos mó faighte ag soláthraí sa 12 mhí roimhe sin, ar HSP é an soláthraí ina dhlínse, déanfaidh an Coimisiún breithniú ar an ábhar agus déanfaidh sé réamhchinneadh (an "**Réamhchinneadh**") maidir le cé acu atá nó nach bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

Sula ndéanfaidh an Coimisiún Cinneadh gur HSP é soláthraí atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta de réir bhrí Airteagal 5(4), eiseoidh sé litir chuig HSP ina leagfar amach na cúiseanna a bheidh mar bhonn eolais faoin Réamhchinneadh agus ina n-iarrfar ar HSP a bharúlacha a chur ar fáil. Féadfaidh an soláthraí a bharúlacha a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de thréimhse trí (3) seachtaine. Mura bhfreagródh soláthraí an Coimisiún nó mura rachadh sé i dteagmháil leis, ní chuirfeadh sé sin bac ar an gCoimisiún Cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise dá bhfuil ar fáil dó.

***Céim 2: Cinneadh***

Is éard atá i gceist leis an gcéim seo de phróiseas cinnteoireachta an Choimisiúin ná Cinneadh a dhéanamh, ag féachaint don eolas atá ar fáil dó, lena n-áirítear aon eolas breise a fhaightear tar éis dul i dteagmháil le HSP ionchasach faoi Chéim 1, chun cinneadh a dhéanamh lena gcinntear go bhfuil nó nach bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm ach a n-eiseoidh an Coimisiún fógra i scríbhinn faoin gCinneadh do HSP.

## 4. Iarmhairtí an Chinnidh

Tar éis Cinnidh go bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, is iad seo a leanas na príomhoibleagáidí atá air:

- a áireamh, i gcás inarb infheidhme, ina gcuid téarmaí agus coinníollacha forálacha chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a sheirbhísí le haghaidh scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar an bpobal agus na forálacha sin a chur i bhfeidhm;[4]
- bearta sonracha a dhéanamh chun a sheirbhísí a chosaint ar scaipeadh ábhair

[4] Féach Airteagal 5(1). Ní mór dó an méid sin a dhéanamh ar bhealach dícheallach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus aird chuí á tabhairt i ngach imthoisc ar chearta bunúsacha na n-úsáideoirí agus ag cur san áireamh, go háirithe, tábhacht bhunúsach na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus eolas a fháil i sochaí oscailte dhaonlathach, d'fhonn go seachnófar ábhar a bhaint anuas nach ábhar sceimhlitheoireachta é. Tabhair faoi deara go sainmhínítear le hAirteagal 2(8) "téarmaí agus coinníollacha" mar "na téarmaí, na coinníollacha agus na clásail uile, gan beann ar a n-ainm nó ar a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir an soláthraí seirbhísí óstála agus a úsáideoirí".

sceimhlitheoireachta ar an bpobal;[5] agus

- tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún, laistigh de thrí mhí ón gCinneadh a fháil agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, ar na bearta sonracha a rinne sé agus atá beartaithe aige a dhéanamh chun na hoibleagáidí a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.[6]

Bearta sonracha.

Is faoi HSP atá sé cinneadh a dhéanamh faoi na bearta sonracha a dhéanfaidh sé, cé go bhfuil feidhm athbhreithnithe ag an gCoimisiún (tuilleadh sonraí thíos).[7] Tugtar le fios leis an Rialachán go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a áireamh leis na bearta:

(a) bearta nó acmhainneachtaí teicniúla agus oibríochtúla iomchuí amhail an fhoireann iomchuí nó modhanna teicniúla chun ábhar sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a bhaint anuas go tapa nó chun rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú;

(b) sásraí soláimhsithe so-úsáidte chun ábhar sceimhlitheoireachta a líomhnaítear a thuairisciú nó a mharcáil do HSP;

(c) aon sásraí eile chun feasacht ar ábhar sceimhlitheoireachta a mhéadú maidir lena sheirbhísí, ar nós sásraí chun modhnóireacht a dhéanamh ar úsáideoirí; agus

(d) aon bheart eile a mheasann HSP a bheith iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar ábhar sceimhlitheoireachta a bheith ar fáil ar a sheirbhísí.

Ceanglaítear leis an Rialachán freisin go gcomhlíonfar an méid seo a leanas leis na bearta:[8]

(a) beidh siad éifeachtach chun leibhéal neamhchosanta sheirbhísí HSP ar ábhar sceimhlitheoireachta a mhaolú;

(b) beidh siad spriocdhírithe agus comhréireach, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar a thromchúisí atá leibhéal neamhchosanta sheirbhísí HSP ar ábhar sceimhlitheoireachta mar aon le cumais theicniúla agus oibríochtúla, neart airgeadais, líon úsáideoirí sheirbhísí HSP agus an méid ábhair a chuireann siad ar fáil;

(c) cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach a thugann lánaird ar chearta agus ar leas dlisteanach na n-úsáideoirí, go háirithe cearta bunúsacha na n-úsáideoirí a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus eolas a fháil, an saol príobháideach a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint; agus

(d) cuirfear i bhfeidhm iad ar mhodh dícheallach neamh-idirdhealaitheach.

I gcás ina mbeidh úsáid beart teicniúil i gceist le bearta sonracha, cuirfear coimircí iomchuí agus éifeachtacha ar fáil chun beachtas a áirithiú agus chun baint anuas ábhair nach ábhar sceimhlitheoireachta é a sheachaint, go háirithe trí mhaoirseacht agus fíorú an duine.

Is léir sa Rialachán gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an gceanglas a

[5] Airteagal 5(2).
[6] Airteagal 5(5).
[7] Airteagal 5(6).
[8] Airteagal 5(3).

bhaineann le bearta sonracha a dhéanamh:[9]

- tá sé gan dochar d'Airteagal 15(1) den Treoir maidir le Tráchtáil Leictreonach (dá bhforáiltear anois in Airteagal 8 de Threoir 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)) agus ní bheidh oibleagáid ghinearálta ag gabháil leis faireachán a dhéanamh ar eolas a tharchuireann HSP nó fíorais agus imthosca a lorg go gníomhach lena dtugtar gníomhaíocht mhídhleathach le fios; agus
- ní bheidh oibleagáid san áireamh ann go n-úsáidfeadh HSP uirlisí uathoibrithe.

Athbhreithniú an Choimisiúin ar bhearta sonracha

Mar a leagtar amach thuas, ní mór do HSP tuairisciú don Choimisiún ar na bearta sonracha a rinne sé agus atá beartaithe aige a dhéanamh.

Más rud é, bunaithe ar na tuarascálacha a chuireann HSP ar fáil nó, i gcás inarb ábhartha, ar aon toisc oibiachtúil eile, go measann an Coimisiún nach gcomhlíonann na bearta sonracha a dhéantar oibleagáidí HSP faoi Airteagal 5(2) agus (3), tabharfaidh an Coimisiún cinneadh do HSP lena gceanglaítear na bearta riachtanacha a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin. (Ní dhéanann sé sin difear do chumas deiridh HSP a bhearta sonracha a roghnú.)

## 5. Fad an Chinnidh – Ceart chun Athbhreithniú, Leasú nó Aisghairm a Iarraidh

Tar éis Cinnidh go bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, féadfaidh HSP, tráth ar bith, iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh agus, más iomchuí, é a leasú nó a aisghairm.[10]

Le linn don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh, cuirfidh sé san áireamh aon eolas breise a chuirfidh HSP ar fáil mar chuid den iarraidh ar athbhreithniú. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar HSP freisin aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaidh mar chuid den athbhreithniú a chur ar fáil.

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún fógra a thabhairt do HSP faoina chinneadh (na cúiseanna san áireamh) laistigh de thrí mhí ón iarraidh. Ní mór dó a chinneadh a bhunú ar thosca oibiachtúla.

Má chinneann an Coimisiún Cinneadh a aisghairm, cuirfear deireadh le hoibleagáidí tuairiscithe HSP. Mar sin féin, má dhearbhaítear an Cinneadh, beidh sé d'oibleagáid ar HSP leanúint de thuairisciú a dhéanamh go dtí go measfaidh an Coimisiún (arna iarraidh sin do HSP ina dhiaidh sin) nach bhfuil HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta a thuilleadh.

---

[9] Airteagal 5(8).
[10] Airteagal 5(7).

## Iarscríbhinn

### Sainmhíniú ar "ábhar sceimhlitheoireachta" ó Airteagal 2(7) TCOR

Ciallaíonn **ábhar sceimhlitheoireachta** ceann amháin nó níos mó de na cineálacha ábhair seo a leanas, is é sin, ábhar a bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis:

(a) ábhar lena ndéantar ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a ghríosú, i gcás ina ndéanfaidh ábhar den sórt sin, go díreach nó go hindíreach, amhail trí ghníomhartha sceimhlitheoireachta a mhóradh, déanamh cionta sceimhlitheoireachta a mholadh, ar dhóigh is cúis le baol go ndéanfaí ceann amháin nó níos mó de chionta den sórt sin;

(b) ábhar lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine chun ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh nó chun rannchuidiú leo sin a dhéanamh;

(c) ábhar lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta, de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2017/541;

(d) ábhar lena ndéantar teagasc a chur ar fáil maidir le pléascáin, airm thine nó armáin eile nó substaintí guaiseacha nó díobhálacha a dhéanamh agus a úsáid, nó maidir le modhanna agus teicnící sonracha eile chun ceann de na cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh nó rannchuidiú leo sin a dhéanamh;

(e) ábhar atá ina bhagairt chun ceann amháin de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541 a dhéanamh.

### Cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2017/541

(1) Maidir leis na gníomhartha intinniúla seo a leanas, a shainítear mar chionta faoin dlí náisiúnta agus a d'fhéadfadh, i bhfianaise a gcineáil nó a gcomhthéacs, damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a shainiú mar chionta sceimhlitheoireachta i gcás ina ndéanfar iad agus ceann amháin de na haidhmeanna a liostaítear i mír 2 a bheith mar aidhm acu:

(a) ionsaithe ar shaol duine a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le bás;

(b) ionsaithe ar iomláine choirp duine;

(c) fuadach nó gabháil giall;

(d) scrios mór a dhéanamh ar shaoráid rialtais nó ar shaoráid phoiblí, ar chóras iompair, ar shaoráid bhonneagair, lena n-áirítear córas faisnéise, ardán seasta atá suite ar an scairbh ilchríochach, áit phoiblí nó maoin phríobháideach ar dócha go gcuirfí saol an duine i mbaol dá bharr nó go mbeadh caillteanas mór eacnamaíoch mar thoradh air;

(e) aerárthaigh, longa nó modhanna eile iompair phoiblí nó iompair earraí a urghabháil;

(f) pléascáin nó airm, lena n-áirítear airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha, a mhonarú, a shealbhú, a fháil, a iompar, a sholáthar nó a úsáid, mar aon le taighde agus forbairt ar airm cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha;

(g) substaintí contúirteacha a scaoileadh, nó dóiteáin, tuilte, nó pléascthaí a chur faoi deara arb é is éifeacht leis beatha duine a chur i mbaol;

(h) cur isteach ar an soláthar uisce, ar an soláthar cumhachta nó ar sholáthar aon acmhainne nádúrtha bunúsaí eile arb é is éifeacht leis beatha duine a chur i mbaol;

(i) cur isteach neamhdhleathach ar an gcóras, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (19) i gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(3) nó ag pointe (b) nó ag pointe (c) d'Airteagal 9(4) den Treoir sin, agus cur isteach neamhdhleathach sonraí, amhail dá dtagraítear in Airteagal 5 den Treoir sin i gcásanna ina bhfuil feidhm ag pointe (c) d'Airteagal 9(4) den Treoir sin;

(j) bagairt a dhéanamh aon cheann de na gníomhartha a liostaítear i bpointe (a) go pointe (i) a dhéanamh.

(2) Is iad seo a leanas na haidhmeanna dá dtagraítear i mír 1:

(a) daonra a imeaglú go tromchúiseach;

(b) iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh óna dhéanamh;

(c) bunstruchtúir pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíocha nó shóisialta tíre nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromchúiseach nó a dhíothú.

***FÓGRA FAOI CHINNEADH***

***Fógra faoi Chinneadh go bhfuil [Soláthraí] neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta***

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus na ndualgas a thugtar dó le hAirteagal 12(c) de Rialachán (AE) 2021/784 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (TCOR) agus le hIonstraim Reachtúil Uimh. 545 de 2023, tugann Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") fógra leis seo go ndearna sé cinneadh go bhfuil [Soláthraí] neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

**Dáta Éifeachta**

De bhun Airteagal 5(4)(b) de TCOR, tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ach go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do [Soláthraí] faoin gcinneadh. Is é [dáta] an dáta a thagann an cinneadh seo i bhfeidhm dá bhrí sin.

**Jeremy Godfrey**
**An Cathaoirleach**
**Coimisiún na Meán**

[Dáta]